Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14525/25**

**SOC 701**
**EMPL 462**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe<br>Ceapachán Ida Helmi HOUSE, comhalta malartach don Danmhairg, in ionad Birgitte NYMARK, a d'éirigh as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Birgitte NYMARK éirithe as mar chomhalta malartach ar an gcoiste thuas i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí (don Danmhairg).

2. Faoi Airteagail 23 agus 24 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Ida Helmi HOUSE ainmnithe ag an Danmhairg don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 24 Meán Fómhair 2026.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe, mar a leagtar amach in 14527/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.